Bileog Faisnéise Uimh. 1 – Deireadh Fómhair 2022

# Tionscadal Feabhsúchán Sábháilteachta Coisithe & Rothaíochta na Canálach Móire


## BILEOG EOLAIS

**A Chónaitheoir/A Úinéir Ghnó,**

**Tá eolas le fáil ar an mbileog seo faoi Thionscadal Feabhsúchán Sábháilteachta Coisithe & Rothaíochta na Canálach Móire.**

**3.8km**

Is cuid de phríomhghréasán taistil ghníomhaigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) é Tionscadal Feabhsúchán Sábháilteachta Coisithe & Rothaíochta na Canálach Móire. Tá sé á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). Feabhsófar na saoráidí siúil agus rothaíochta, agus soláthrófar bealaí trasnaithe sábháilte feadh bhealach 3.8km a shíneann ó Bhóthar an Charnáin ag an acomhal le Bóthar Shliabh na mBan, chomh fada leis an bParáid Mhór ag an acomhal le Sráid Líosain.




Cuireadh tús leis an obair thógála a bhain leis an tionscadal seo i mí Meithimh 2022. Chun an tionscadal fiúntach ach casta seo a chur i gcrích ar mhaithe leis an gcathair, beidh sé riachtanach cur isteach go sealadach ar chúrsaí tráchta sa cheantar. Déanfaidh DCC, i gcomhpháirt lena conraitheoir, tréaniarracht an cur isteach a íoslaghdú a mhéid agus is féidir.

## AMLÍNE

| Ráithe 2 2022 | Ráithe 4 2022 | Ráithe 1 2023 | Ráithe 4 2023 |
|---|---|---|---|
| Tús leis an Obair Thógála Céim 1 | Críoch leis an Obair Céim 1 | Tús leis an Obair Thógála Céim 2 | Críoch leis an Obair Céim 2 |

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

## CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?


1 Forléargas ar an Tionscadal

2 Amharcléirithe Tionscadail

3 Atreoruithe Tráchta i Rith Oibreacha Tógála

4 Sonraí Teagmhála

5 Nuashonruithe Breise




## 1 FORLÉARGAS AR AN TIONSCADAL


Beidh an méid seo a leanas mar thoradh ar Thionscadal Feabhsúchán Sábháilteachta Coisithe & Rothaíochta na Canálach Móire:

- Feabhsófar saoráidí do choisithe trí chosáin a uasghrádú agus ocht dtrasrian coisithe bhreise a shuiteáil feadh na conaire ina hiomláine;
- Feabhsófar caighdeán an bhonneagair do rothaithe, trí athdhromchlú agus leithid na lánaí rothar ar an mbóthar a mhéadú.
- Cuirfear síneadh le cosáin ag 11 acomhal chun pointí trasnaithe coisithe atá níos giorra, níos sábháilte agus níos áisiúla a chur ar fáil chun freastal ar dhaoine de gach aois agus cinnteofar go mbeifear in ann freastal ar éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;
- Feabhsófar sráideanna trí chosáin a atógáil feadh an bhealaigh.
- Soláthrófar naisc shábháilte agus inrochtana do choisithe agus do rothaithe ó Dhroimeanach, an Carnán agus Crois Araild chomh fada leis an gCanáil Mhór, rud a chiallaíonn go mbeidh rochtain ag gach duine ar an gCanáil Mhór.
- Spreagfaidh agus feabhsóidh an scéim compord agus sábháilteacht daoine atá ag siúl agus ag rothaíocht chun críche comaitéireachta agus caithimh aimsire, feabhsófar an bealach chuig scoileanna áitiúla cosúil le Scoil San Clár, Coláiste Mhuire, Scoil Íosagáin agus Scoil Mhuire Óg agus faichí spóirt cosúil le Club CLG Theach Mealóg Shráid Synge agus Club CLG na nDea-Chomhairle.
- Cabhrófar le hastaíochtaí iompair a laghdú de réir chuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide trí thacú le haistriú córa iompair chuig taisteal gníomhach agus úsáid iompair phoiblí;

## 2 AMHARCLÉIRITHE & LÍNÍOCHTAÍ TIONSCADAIL

Is féidir féachaint ar líníochtaí dearaidh Thionscadal Feabhsúchán Sábháilteachta Coisithe & Rothaíochta na Canálach Móire ag:

- Leabharlann an Charnáin, Bóthar Parnell, Baile Átha Cliath 12, D12 ET22
- www.dublincity.ie/activetravel






Uasghrádófar Acomhal Bhóthar Herberton-Bhóthar an Charnáin chun trasrianta coisithe solas tráchta rialaithe a chur ar fáil ag na ceithre thaobh

## 3 ATREORUITHE TRÁCHTA I RITH OIBREACHA TÓGÁLA

Ciallóidh na socruithe bainistíochta tráchta a bheidh i bhfeidhm i rith na n-oibreacha go mbeidh dhá lána tráchta ar a laghad ag taisteal trí chonair an tionscadail, lána amháin ag dul soir agus lána amháin ag dul siar. Beidh bealaí soir agus siar ar fáil do rothaithe agus d'úsáideoirí cosáin sa cheantar ar fad, agus tabharfar cead do dhaoine áitiúla taisteal tríd an gceantar i rith na n-oibreacha.

Feadh codanna áirithe den bhealach, b'fhéidir nach mbeadh ach lána tráchta amháin in úsáid le haghaidh tréimhsí gearra. Cuirfear na hoibreacha seo i gcrích ag amanna áirithe nuair nach mbeidh siad ag cur isteach an iomarca ar chúrsaí tráchta, agus b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach roinnt oibreacha a chur i gcrích i gcaitheamh an tráthnóna.





## 4 SONRAÍ TEAGMHÁLA CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH & AN CHONRAITHEORA

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le Tionscadal Feabhsúchán Sábháilteachta Coisithe & Rothaíochta na Canálach Móire nó más mian leat teagmháil a dhéanamh le foireann tionscadail DCC, féach ar na roghanna thíos:

www.dublincity.ie/activetravel

activetraveloffice@dublincity.ie agus scríobh Tionscadal Feabhsúchán Sábháilteachta Coisithe & Rothaíochta na Canálach Móire i líne an ábhair

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig Clár an Taistil Ghníomhaigh, An Roinn Comhshaoil & Iompair, Bloc 1, Urlár 6, Oifigí na Cathrach, An Chéad Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F

Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: 01 222 2536

Sonraí teagmhála an chonraitheora, SIAC Construction Ltd:

Sonraí Teagmhála Éigeandála 24 Uair: 087 407 5873

Liam.Powell@siac.ie

www.siac.ie

## 5 NUASHONRUITHE BREISE

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath eolas soiléir, beacht agus cruinn a chur ar fáil do chónaitheoirí agus do ghnóthaí feadh bhealach an Tionscadail, agus do gach úsáideoir chonair an Tionscadail, agus do gach páirtí leasmhar ábhartha, ionas go gcuirtear an tionscadal i gcrích ar bhealach nach gcuireann isteach ar bhealach iomarcach ar dhaoine, agus ionas go bhfuil rochtain ag páirtithe leasmhara ar fhaisnéis atá á nuashonrú go rialta maidir le stádas agus dul chun cinn an tionscadail.

Ullmhófar doiciméad Ceisteanna Coitianta (CCanna) agus beidh an doiciméad ar fáil ar an suíomh gréasáin sna seachtainí amach romhainn agus déanfar é a nuashonrú agus a choinneáil cothrom le dáta i rith chéim tógála an tionscadail.

Tá súil againn go mbeidh an t-eolas seo úsáideach agus, mar atá luaite thuas, cuirfear tuilleadh nuashonruithe ar fáil fad is atá an Tionscadal ar siúl.